Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7240/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0418(CNS)**

**UK 45**
**FISC 75**
**ECOFIN 231**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/118/CE agus Treoir (AE) 2020/262 (athmhúnlú) a mhéid a bhaineann le siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht |

1. An 16 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle. Is é is cuspóir don togra seo athoscailt siopaí saor ó cháin a údarú i gcríochfort na Fraince de Nasc Seasta Mhuir nIocht tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach.
2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe agus an Mheitheal um Cheisteanna Cánach an togra an 14 Eanáir agus an 11 Feabhra 2022 faoi seach. Ní dhearna aon toscaireacht agóid maidir le téacs na dréacht-treorach.
3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim an 23 Feabhra 2022[1], agus tugadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 2022[2].

[1] ECO/578.
[2] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2022-0035_GA.html

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, an Treoir thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch uirthi agus mar a leagtar amach in 6800/22 í, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.